Tailte Éireann

## Fógraíocht Stáit

Tá Tailte Éireann tiomanta a chinntiú go gcloíonn gach cinneadh ceannacháin fógraíochta le rialacha, rialacháin agus treoirlínte soláthair an AE agus na hÉireann, agus go mbunaítear feachtais fógraíochta ar chritéir oibiachtúla, neamh-idirdhealaitheacha agus thrédhearcacha. Tá sé seo ag teacht lenár n-oibleagáidí faoi Airteagal 25 de réir Rialacháin um Shaoirse na Meán (EMFA).. Is Rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh é EMFA a bhfuil sé mar aidhm aige saoirse agus ilchineálacht na meán a chosaint.

Tá na nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag TÉ chun tacú leis sin:

- Déantar gach feachtas fógraíochta a cheapadh bunaithe ar bhriéf straitéiseach a shainaithníonn spriocanna an fheachtais, an buiséad atá ar fáil do gach feachtas, agus na spriocphobail ar mian leis an bhfeachtas teacht orthu.
- Oibrímid go dlúth le gníomhaireacht speisialtóireachta pleanála agus ceannacháin meán chun an meascán fógraíochta is fearr a chinneadh do gach feachtas, dár gcuspóirí a bhaint amach, ár spriocphobail a shroicheadh, agus an luach is fearr ar airgead a áirithiú.
- Socraítear príomhtháscairí feidhmíochta (KPIs) do gach feachtas bunaithe ar chuspóirí agus riachtanais an fheachtais, agus déantar tuairisciú ar na táscairí sin chun cinntí fógraíochta amach anseo a threorú.

Na critéir a chuirtear san áireamh agus cinntí fógraíochta á ndéanamh:

- Luach ar airgead
- Buiséad agus acmhainní atá ar fáil
- Sonraí tomhaltais meán agus an cumas spriocphobail a shroicheadh
- Raon geografach iomchuí
- Comhlíonadh rialacha, rialacháin agus treoirlínte soláthair AE agus náisiúnta
- Úsáid creatlacha Oifig Sholáthair an Rialtais (OGP), más ar fáil
- Ceanglais reachtúla i ndáil le fógraí poiblí
- Ceanglais reachtúla i ndáil le fógraíocht i nGaeilge